Cuntas Leithreasa 2013

# Vóta 13

# Oifig na nOibreacha Poiblí

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 13, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo,. tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 ar thuarastail agus ar chostais Oifig na nOibreacha Poiblí; ar sheirbhísí a riartar ag an Oifig sin lena n-áirítear an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair, ar íocaíocht deontas áirithe agus ar aisghabháil caiteachais áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2013, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €880,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a sholáthar chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, ach amháin i gcás an méid seo a leanas:

***(a) Ráiteas um Shócmhainní Caipitiúla: Luacháil Talaimh agus Foirgneamh***

Tá na luachálacha faoi réir líon mórcháilíochtaí agus níor cheart iad a mheas amhail meastachán reatha i leith luach inréadaithe. Tá Oifig na nOibreacha Poiblí ag leanúint le hathbhreithniú ar na modheolaíochtaí luachála atá á n-úsáid ina n-áirítear na toimhdí seo a leanas:

(i) Lean Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí caighdeáin chuntasaíochta na hearnála poiblí mar atá san RCIS – Professional Standards, Global and UK Edition, Márta 2012. Úsáideadh prótacail luachála arna dtáirgeadh ag an Royal Institution of Chartered Surveyors, a nglactar leo mar thionscalchaighdeánach in Éirinn, nuair ab fhéidir. Cuirtear measúnuithe ar luach margaidh ar bhonn 'úsáid reatha' i bhfeidhm ar thalamh agus ar fhoirgnimh sa chás go bhfuil comparáidí idir margaí ar fáil.

(ii) Tá na meastacháin, i gcás cuid mhór den phunann, bunaithe ar ghnáthchostais tógála reatha agus luachanna barúlacha suímh.

(iii) Rinneadh luacháil ar mhaoine gradaim le modh luachála an chostais athsholáthair.

(iv) Luacháladh maoine a ceannaíodh ón 1 Eanáir 1995 i leith agus maoine a tógadh ón 1 Eanáir 1997 i leith ag bunphraghas i dtosach.

(v) Ní áirítear maoine stairiúla náisiúnta ná séadchomharthaí náisiúnta sa luacháil.

(vi) Níl luachálacha cuimsithe i gclár na sócmhainní maidir le líon maoine ilghnéitheacha ach breithneofar iad a chuimsiú in 2014. Níl luach iomlán na maoine ilghnéitheacha sin suntasach i gcomhthéacs phunann mhaoine fhoriomlán Oifig na nOibreacha Poiblí.

***(b) Luach Tairsí i gcomhair Sócmhainní Caipitiúla***

Cuireann an OPW luach tairsí €300 i bhfeidhm dá sócmhainní caipitiúla i ngeall ar an méid mór míreanna gléasra agus trealaimh atá acu ar fud na tíre.

***(c) Dímheas***

Dímheastar sócmhainní gléasra agus innealra de réir méid chothroim feadh a saoil fhónta mheasta.

**Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím m'fhreagracht as a chinntiú go gcoimeádann agus go bhfeidhmíonn an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo chuid oibleagáidí eile mar Chathaoirleach. Ina theannta sin, ní féidir le córas rialaithe inmheánaigh airgeadais ar bith ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go bhfuil na sócmhainní á gcosaint, go bhfuil na hidirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha ar bith a chosc nó go ndéanfaí iad a bhraith go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun cliseadh suntasach ar rialú a thuairisciú agus chun beart ceartaitheach cuí a chinntiú
- tá coiste iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom maidir le m'fhreagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Admhaím go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go sonrach, go

- Bhfuil córas cuí buiséadaithe ann lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithniú leanúnach.
- Go ndéanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithniú rialta ar na tuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear an fheidhmíocht airgeadais i gcoinne réamh-mheastachán.
- Go bhfeidhmítear córas bainistíochta riosca laistigh den Oifig.
- Go bhfuil córais ann ina ndírítear ar shlándáil na gcóras ICT a chinntiú.
- Go bhfuil treoirlínte cuí um rialú infheistíocht chaipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.
- Cloíonn an Oifig go ginearálta leis na treoirlínte ábhartha uile maidir le soláthar ach amháin i gcás conarthaí dar luach €1.3 milliún. Leanadh le seirbhís a chur ar fáil i ndiaidh dháta deiridh an bhunchonartha gan soláthar iomaíoch. I gcás amháin, tá an conradh dáfa anois ar sholáthraí eile i ndiaidh próiseas tairisceana agus i gcás na gconarthaí eile, tá na comórtais tairisceana ar siúl nó tá siad beagnach tugtha chun críche.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Oifig ag a bhfuil pearsanra oilte, a oibríonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais dá bhfuil an Oifig nochta bun taca faoina hobair agus tá a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Is é is aidhm leis na pleananna seo na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanann mise agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar fiosrú ar na tuarascálacha maidir leis an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh.

**C McGrath**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na nOibreacha Poiblí

5 Meán Fómhair 2014

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe *nGnáthamh Airgeadais Phoiblí*.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Oifig na nOibreacha Poiblí. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Neamhchomhlíonadh na Rialacha Soláthair**

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa Ráiteas faoi Rialú Airgeadais Inmheánaigh gur tharla cás ábhartha de neamhchomhlíonadh le rialacha náisiúnta soláthair maidir le conradh a bhí ag feidhmiú i 2013.

***Ag tuairisciú ar ghnóthaí a tháinig chun cinn ó iniúchadh***

Tagraíonn Caibidil 4 de mo thuarascáil maidir le cuntais na seirbhísí poiblí le haghaidh 2013 do ghnóthaí áirithe eile a bhaineann le Vóta 13.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

12 Meán Fómhair 2014

# Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí

## Cuntas Leithreasa 2013

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim Soláthraithe sa Mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Tionscadail faoisimh thuilte | 69,517 | 70,788 | 77,976 |
| B | An tSeirbhís Náisiúnta Fála (NPS) | 7,173 | 4,936 | 4,774 |
| C | Bainistíocht punann eastáit | 324,285 | 323,481 | 309,920 |
| | **Ollchaiteachas** | **400,975** | **399,205** | **392,670** |
| | *Asbhain* | | | |
| D | **Leithghabhálacha i gcabhair** | **26,931** | **26,041** | **26,384** |
| | **Glanchaiteachas** | **374,044** | **373,164** | **366,286** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 880,000 | 406,486 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim Soláthraithe sa Mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 34,990 | 34,064 | 34,417 |
| ii | Taisteal agus cothú | 1,398 | 1,463 | 886 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 667 | 667 | 639 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,954 | 1,607 | 2,087 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha | 2,725 | 3,731 | 2,785 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 1,319 | 1,482 | 1,424 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais | 49 | 13 | 9 |
| | | 43,102 | 43,027 | 42,247 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2013

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas cláir | | 356,178 | 350,423 |
| Pá | | 34,064 | 34,417 |
| Caiteachas eile | | 8,963 | 7,830 |
| **Ollchaiteachas**[1] | | **399,205** | **392,670** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithghabhálacha i gcabhair** | | **26,041** | **26,384** |
| **Glanchaiteachas** | | **373,164** | **366,286** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitiúla** | | | |
| Ceannacháin (airgead) | (7,152) | | |
| Diúscairtí (airgead)[2] | 95 | | |
| Dímheas | 6,610 | | |
| Gnóthachan ar dhiúscairtí | (88) | | |
| | | (535) | (2,348) |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (1,533) | | |
| Laghdú ar stoc | 55 | | |
| | | (1,478) | 8,564 |
| **Caiteachas Díreach** | | 371,151 | 372,502 |
| Caiteachas ar sheirbhísí a soláthraíodh saor in aisce do Ranna eile (Seirbhísí Comhghaolmhara)[3] | | (147,182) | (129,734) |
| Caiteachas ar sheirbhísí leis an OOP ag feidhmiú mar chliant[4] | | (114,371) | (122,375) |
| **Caiteachas Díreach** (cé is moite de Sheirbhísí Comhghaolmhara agus seirbhísí nuair a fheidhmíonn an OOP mar chliant) | | 109,598 | 120,393 |
| **Caiteachas a Caitheadh ar Rudaí Eile** | | | |
| Vóta 12 – Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | | 18,671 | 17,907 |
| **Chostas oibriúcháin**[5] | | **128,269** | **138,300** |

[1] Díorthaítear an figiúr seo ón olltoradh um Vóta 13 amháin (€399.205 milliún) ach is ionann idirbhearta airgeadais iomlána an OPW le linn 2013 agus €467.205 milliún, lena n-áirítear caiteachas díreach a thabhaigh an OPW agus a gearradh ar Vótaí eile.

[2] Ní áirítear le figiúr na ndiúscairtí airgid na fáltais ó dhíol maoine sa bhliain 2013, de luach €0.186 milliún, a bhí dlite go díreach leis an Státchiste (dá dtagraíonn Nóta 4.2).

[3] Áirítear air sin caiteachas caipitil €26.339 milliún.

[4] Laghdaíodh figiúr an Chaiteachais Dhírigh €114 milliún; is é sin glanchostas na seirbhísí ina bhfeidhmíonn Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) mar chliant i mbun oibreacha áirithe nó ag urrú oibreacha áirithe thar ceann an Stáit (e.g. cothabháil draenála, faoiseamh ó thuilte, cothabháil réadmhaoine oidhreachta, deontais le haghaidh oibreacha áirithe feabhsúcháin, íocaíochtaí le haghaidh Ionad Comhdhála Bhaile Átha Cliath, na Seirbhíse Náisiúnta Soláthair agus Uachtaránacht an AE). Níl costas na n-oibreacha agus na ndeontas sin mar chuid de chostais reatha an OPW.

[5] Ní áirítear leis an bhfigiúr do chostas oibriúcháin suim le haghaidh íocaíochtaí ná ioncam barúlach.

(i) Meastar gurb ionann na measchíosanna atá infhaighte ag an OPW maidir le maoin faoi úinéireacht an Stáit agus tuairim is €71 milliún. Meastar gur ionann na measchíosanna atá iníoctha ag an OPW agus €2.6 milliún.

(ii) Níor áiríodh suimeanna leis an Ráiteas i ndáil le measioncam ó Ranna cliaint i ndáil le seirbhísí a sholáthraíonn Oifig na nOibreacha Poiblí saor in aisce faoi láthair.

## 2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2013

| | Nóta | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Caipitiúla** | 2.2 | 3,032,898 | 2,874,310 |
| **Sócmhainní Caipitiúla atá á bhForbairt** | 2.3 | 498 | — |
| | | **3,033,396** | **2,874,310** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead | 2.4 | 39,984 | 37,225 |
| Stoic | 2.5 | 2,034 | 2,089 |
| Réamhíocaíochtaí | | 21,812 | 26,510 |
| Ioncam Fabhraithe | | 1,083 | 2,958 |
| Iarmhéideanna Eile Dochair | 2.6 | 4,422 | 90 |
| **Iomlán na Sócmhainní Reatha** | | **69,335** | **68,872** |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | |
| Costais Fhabhraithe | | 7,638 | 16,713 |
| Ioncam Iarchurtha | | 320 | 223 |
| Iarmhéideanna Creidmheasa Eile | 2.7 | 43,526 | 37,159 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.8 | 880 | 156 |
| **Iomlán na nDliteanas Reatha** | | **52,364** | **54,251** |
| **Glandliteanais Reatha** | | **16,971** | **14,621** |
| **Glansócmhainní** | | **3,050,367** | **2,888,931** |
| **Arna léiriú le:** | | | |
| **Cuntas Maoiniú Stáit** | 2.1 | **3,050,367** | **2,888,931** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2013** | **2012** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 2,888,931 | 3,071,030 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 374,044 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (880) | | |
| Vóta glan | | | 373,164 | 366,287 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | | 18,671 | 17,907 |
| Seirbhísí comhaontaithe | 1 | | (147,182) | (129,734) |
| Seirbhísí do chliaint | 1 | | (114,371) | (122,375) |
| Costas glan clár | 1 | | (128,269) | (138,300) |
| Coigeartú[1] | | | 159,423 | (175,884) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **3,050,367** | **2,888,931** |

[1] Áirítear ar choigeartuithe €154.6 milliún maidir le athluachálacha talún agus foirgneamh agus €4.2 milliún a d'íoc an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir le stáisiúin gharda cósta agus a chaipitligh Oifig na nOibreacha Poiblí.

## 2.2 Sócmhainní Caipitiúla

| | Talamh agus foirgnimh | Gléasra agus innealra | Troscán trealamh | Oifige agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2013 | 2,851,239 | 41,084 | 24,325 | 20,091 | 2,936,739 |
| Breiseanna | 6,602 | 2,222 | 2,501 | 803 | 12,128 |
| Diúscairtí | (1,470) | (1,159) | (243) | (65) | (2,937) |
| Athluachálacha[1] | 154,616 | — | — | — | 154,616 |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2013 | 3,010,987 | 42,147 | 26,583 | 20,829 | 3,100,546 |
| **Dímheas Carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2013 | — | 30,388 | 18,976 | 13,065 | 62,429 |
| Dímheas don bhliain | — | 3,334 | 2,395 | 881 | 6,610 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (1,102) | (233) | (56) | (1,391) |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2013 | — | 32,620 | 21,138 | 13,890 | 67,648 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2013** | **3,010,987** | **9,527** | **5,445** | **6,939** | **3,032,898** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2012** | **2,851,239** | **10,696** | **5,349** | **7,026** | **2,874,310** |

[1] Rinneadh maoine gradaim a luacháil ina n-aonair ag baint úsáid as modh luachála an chostais athsholáthair. Tá costas na hatógála seo bunaithe ar fheidhmiú rátaí a chinn foireann ghairmiúil inmheánach. Níl ach sonraí costais stairiúil comparáideacha teoranta ann agus chuir na saineolaithe a mbreithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus rátaí á gcinneadh acu. Leanfar le hathbhreithniú a dhéanamh ar an modh luachála agus athbhreithneofar é más cuí in 2014.

## 2.3 Sócmhainní Caipitiúla atá á bhForbairt

| amhail an 31 Nollaig 2013 | Gléasra agus innealra |
|---|---|
| | €000 |
| Méideanna tugtha ar aghaidh amhail an 1 Eanáir 2013 | — |
| Íocaíochtaí airgid tirim don bhliain | 380 |
| Coigeartú[1] | 118 |
| Aistrithe chuig clár sócmhainní | — |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2013 | 498 |

[1] Coigeartú don bhliain caiteachais roimhe.

## 2.4 Banc agus Airgead

| amhail an 31 Nollaig | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna bainc | 40,617 | 39,543 |
| Orduithe gan íoc | (633) | (2,318) |
| | 39,984 | 37,225 |

| **2.5 Stoic** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Stoic innealtóireachta | 776 | 924 |
| Stoic iosta oidhreachta | 1,116 | 806 |
| Ábhair thógála | 100 | 255 |
| Páipéar agus stáiseanóireacht | 15 | 76 |
| Stoic ilghnéitheacha | 27 | 28 |
| | 2,034 | 2,089 |

| **2.6 Iarmhéideanna Eile Dochair** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Aisíocaíochtaí pinsin atá dlite ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | 2,112 | 9 |
| Párolla EMTS ar fionraí | 1,264 | — |
| Míreanna eile dochair atá ar fionraí | 1,046 | 81 |
| | 4,422 | 90 |

| **2.7 Iarmhéideanna Eile Sochair** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 780 | 823 |
| An Muirear Sóisialta Uilíoch | 328 | 340 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 693 | 687 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 692 | 757 |
| Cáin Bhreisluacha | 3,925 | 3,035 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 215 | 191 |
| | 6 | — |
| Fáltais ó dhíol maoine Stáit | 186 | 162 |
| Aisíocaíochtaí Iasachta | — | 8 |
| | 6,825 | 6,003 |
| Cuntais Oibreacha Éagsúla | 23,893 | 17,641 |
| Cuntais bhainistíochta maoine | 6,908 | 5,700 |
| Scéim céatadáin le haghaidh ealaíne | 2,020 | 2,128 |
| Cuntais Chothabhála | 299 | 2,280 |
| Seirbhísí Troscáin | 1,244 | 1,116 |
| Asbhaintí den phárolla atá a gcoinneáil ar fionraí | 793 | 804 |
| Míreanna eile creidmheasa fionraí | 1,544 | 1,487 |
| | 43,526 | 37,159 |

## 2.8 Glandliteanas don Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Farasbarr le tabhairt suas | 880 | 406 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | — | (250) |
| Glandliteanas don Státchiste | 880 | 156 |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead | 39,984 | 37,225 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 4,422 | 90 |
| | 44,406 | 37,315 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (6,825) | (6,003) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (36,701) | (31,156) |
| | (43,526) | (37,159) |
| | 880 | 156 |

## 2.9 Ceangaltais

amhail an 31 Nollaig

**(A) Ceangaltais Neamhchaipitiúla**

Meastar gurb é €5,269,743 an figiúr maidir le ceangaltais neamhchaipitil ar dócha go n-eascróidh siad in 2014 agus i mblianta ina dhiaidh sin, gan an Lárionad Náisiúnta Coinbhinsiúin a chur san áireamh (féach (D) thíos).

Bhí ceangaltais gan íoc ag deireadh 2013 i ndáil le cíos maoine ar léas – bheadh soláthar sonrach nó íostréimhse fógra i gceist le léasanna níos fadtéarmaí de ghnáth i leith luathchríochnú. Níor áiríodh figiúirí do na ceangaltais sin sa chuntas seo ach meastar gurb ionann iad agus €101 milliún in 2014 (2013: €108 milliún).

**(B) Ceangaltais Chaipitil Ilbhliantúla**

Mionsonraítear sa tábla seo a leanas an caiteachas sa bhliain 2013 agus na ceangaltais atá le sásamh sna blianta ina dhiaidh sin de bhun tionscadail chaipitil sa chás go raibh conarthaí in-fhorfheidhmithe dlíthiúla i bhfeidhm amhail an 31 Nollaig 2013.

| | € |
|---|---|
| Caiteachas in 2013 | 112,268,426 |
| Ceangaltais le baint amach sna blianta ina dhiaidh seo (2014-2017) | 151,985,000 |

**(C ) Mórthionscadail Chaipitiúla**

Tabhaíodh caiteachas ar dheich mórthionscadal i rith 2013 ina sáróidh costas measta iomlán an tionscadail ar leith €6.5 milliún. Is iad seo a leanas mionsonraí na dtionscadal sin:

| Tionscadal | Caiteachas Carnach anuas go dtí an 31 Nollaig 2012 €000 | Caiteachas in 2013 €000 | Blianta dar gcionn €000 |
|---|---|---|---|
| **Scéimeanna faoisimh thuilte** | | | |
| Mhala Thuaidh | 19,104 | 400 | 3,214 |
| Mhala Theas | 8,964 | 987 | 4,892 |
| Chluain Meala Thiar | 22,349 | 331 | 1,130 |
| Chluain Meala Thuaidh | 14,606 | 455 | 3,654 |
| Mhainistir Fhear Maí Thuaidh | 6,766 | 1,015 | 2,116 |
| Mhainistir Fhear Maí Theas | 6,704 | 8,748 | 13,318 |
| Na Dothra (Baile Átha Cliath) | 10,903 | 1,292 | 805 |
| Inis Íochtarach | 1,111 | 9,659 | 5,230 |
| Bré | 9,323 | 992 | 29,685 |
| Port Láirge | 3,120 | 3,851 | 6,544 |

**(D) Costais Chaipitiúla Tionscadal Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí**

| | Caiteachas anuas go dtí an 31 Nollaig 2012 €000 | Caiteachas in 2013[1] €000 | Iarmhéid gan íoc ar chostas caipitiúil an tionscadail ar sheachadadh €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|
| Ionad Comhdhála Bhaile Átha Cliath | 67,804 | 19,806 | 199,365 | 286,975 |

[1] Léiríonn sé an caiteachas sa bhliain reatha ar aisíocaíocht chostas caipitiúil na sócmhainne.

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fotheidil

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Tionscadail faoisimh thuilte** | | | |
| A.1 | Riarachán - Pá | 6,755 | 6,707 | 6,885 |
| A.2 | Riarachán - Caiteachas eile | 1,759 | 2,219 | 1,892 |
| A.3 | Ceannach gléasra innealtóireachta agus innealra | 500 | 982 | 718 |
| A.4 | Imscrúdú agus monatóireacht hidriméadrachta agus hidreolaíochta | 1,020 | 919 | 1,011 |
| A.5 | Tionscadail faoisimh thuilte | 44,500 | 44,913 | 52,015 |
| A.6 | Draenáil — cothabháil | 14,983 | 15,048 | 15,455 |
| | | **69,517** | **70,788** | **77,976** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €1.3 milliún níos mó ná mar a foráladh dó. Tharla sé seo go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú / (níos mó) ná a foráladh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Ceannach gléasra innealtóireachta agus innealra | 482 | Theastaigh an caiteachas a mhéadú chun gléasra agus innealra riachtanach a chothabháil agus a athsholáthar |
| Imscrúdú agus monatóireacht hidriméadrachta agus hidreolaíochta | (101) | Bhí an coigilteas de bharr baill foirne nár athsoláthraíodh agus dliteanas nár réadaíodh in 2013 |

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim Soláthraithe sa Mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **B** | **An tSeirbhís Náisiúnta Fála (NPS)** | | | |
| B.1 | Riarachán - Pá | 3,735 | 3,223 | 3,060 |
| B.2 | Riarachán - Caiteachas eile | 957 | 364 | 327 |
| B.3 | Seirbhísí Foilseachán Rialtais | 221 | 154 | 197 |
| B.4 | An tSeirbhís Náisiúnta Fála (NPS) | 2,260 | 1,195 | 1,190 |
| | | **7,173** | **4,936** | **4,774** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár B €2.2 milliún níos ísle ná mar a foráladh dó. Tharla sé seo go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| **Cur síos** | **Níos lú / (níos mó) ná a foráladh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| An tSeirbhís Náisiúnta Fála (NPS) | (1,065) | De bharr gur cuireadh tús leis an Oifig um Sholáthar Rialtais ní ba mhoille ná mar a rabhthas ag súil leis níor theastaigh na hacmhainní airgeadais breise a cuireadh ar fáil go hiomlán in 2013. |

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim Soláthraithe sa Mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **C** | **Bainistíocht punann eastáit** | | | |
| C.1 | Riarachán - Pá | 24,500 | 24,134 | 24,472 |
| C.2 | Riarachán - Caiteachas eile | 5,396 | 6,380 | 5,610 |
| C.3 | Foireann tís an Uachtaráin (pá) | 753 | 809 | 779 |
| C.4 | Deontas do Chumann Zó-Eolaíochta na hÉireann | — | — | 400 |
| C.5 | Deontais le haghaidh oibreacha áirithe athchóirithe | 250 | 340 | 250 |
| C.6 | Ceannach láithreán agus foirgneamh | 570 | 10 | 1,045 |
| C.7 | Oibreacha nua, athruithe agus breiseanna | 37,650 | 48,199 | 39,453 |
| C.8 | Cothabháil réadmhaoine agus soláthairtí | 52,672 | 54,033 | 36,095 |
| C.9 | Cíosanna, rátaí etc. | 108,352 | 97,437 | 107,092 |
| C.10 | Breosla, leictreachas agus uisce | 1,623 | 1,757 | 1,614 |
| C.11 | Íocaíochtaí Aonadacha | 50,600 | 48,346 | 51,658 |
| C.12 | Seirbhísí oidhreachta | 34,879 | 35,886 | 36,278 |
| C.13 | Uachtaránacht an AE | 7,040 | 6,150 | 5,174 |
| | | **324,285** | **323,481** | **309,920** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár C €804,000 níos ísle ná mar a foráladh dó. Tharla sé seo go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| **Cur síos** | **Níos lú/ (níos mó) ná a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Ceannach láithreán agus foirgneamh | (560) | Níor cuireadh an ceannachán maoine a bhí beartaithe i gcrích in 2013. |
| Oibreacha nua, athruithe agus breiseanna | 10,549 | Bhain an caiteachas breise le híocaíocht socraíocht chúirte. |
| Cíosanna, rátaí etc. | (10,915) | Rinneadh an coigilteas a baineadh amach de bharr an réasúnaithe oifige leanúnaigh agus an chláir ghéillte léasa. |
| Breosla, leictreachas agus uisce | 134 | Bhí an barrachas de bharr costais fóntais ag maoine neamhoibriúcháin. |
| Uachtaránacht an AE | (890) | Níor theastaigh an leithdháileadh iomlán a soláthraíodh chun saoráidí a chur ar fáil d'Uachtaránacht an AE in 2013 i ngeall ar an úsáid níos mó as acmhainní an OPW agus maoine faoi úinéireacht an stáit. |

## 4 Fáltais

**4.1 Leithghabhálacha-i-gcabhair**

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Cíosanna, táillí ceadúnais etc. | 3,646 | 4,533 | 4,247 |
| 2. | Bainistíocht imeachtaí agus aiseanna | 850 | 1,142 | 1,210 |
| 3. | Fáltais le haghaidh Seirbhísí Foilsithe don Rialtas | 780 | 696 | 1,006 |
| 4. | Gnóthaithe i leith seirbhísí a tugadh ar bhonn aisíocaíochta nó gníomhaireachta | 7,808 | 7,770 | 8,270 |
| 5. | Díolacháin ag séadchomharthaí náisiúnta agus ionad cuairteoirí sealúchais stairiúla | 474 | 561 | 454 |
| 6. | Táillí isteach ag séadchomharthaí náisiúnta agus sealúchais stairiúla | 5,600 | 5,560 | 5,272 |
| 7. | Ilghnéitheach, ag áireamh táillí, úis, diúscairtí, etc. | 3,158 | 1,124 | 1,230 |
| 8. | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean maidir le luach saothair seirbhíse poiblí | 4,615 | 4,655 | 4,695 |
| | Iomlán | 26,931 | 26,041 | 26,384 |

**Míniú ar na mórathruithe**

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal lenar bhain toradh breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Cíosanna, táillí ceadúnais etc. | 887 | Bhí an t-ioncam cíosa níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis a bheith i ngeall ar riaráiste agus ioncam crann marthanach a fháil. |
| Bainistíocht imeachtaí agus aiseanna | 292 | Bhí an t-ioncam breise i ngeall ar an líon méadaithe cuairteoirí sa dara leath de 2013. |
| Ilghnéitheach, ag áireamh táillí, ús agus diúscairtí | (2,034) | Bhí an t-ioncam níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis a bheith i ngeall ar an moill le scéim um éifeachtacht fuinnimh arna maoiniú ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha a thosú. |

**4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste**

Bhí fáltais €0.186 milliún ó dhíolachán maoin stáit in 2013 le híoc isteach sa Státchiste ag deireadh 2013.

## 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (comhionann le fostaithe lánaimsire) **ag deireadh na bliana** | | |
| Gráid na Seirbhíse Sibhialta | 608 | 604 |
| Gráid Shonracha an OOP | 1,055 | 1,099 |
| | 1,663 | 1,703 |

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 76,365 | 78,099 |
| **Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise** | | |
| Gráid na Seirbhíse Sibhialta | 267 | 274 |
| Gráid Shonracha an OOP | 520 | 674 |
| **Ragobair** | | |
| Gráid na Seirbhíse Sibhialta | 130 | 149 |
| Gráid Shonracha an OOP | 2,992 | 3,827 |
| **Tinreamh Breise, seal agus uainchlár** | | |
| Gráid na Seirbhíse Sibhialta | — | — |
| Gráid Shonracha an OOP | 2,282 | 1,155 |
| PRSI Fostóra | 6,689 | 6,796 |
| **Pá iomlán** | **89,245** | **90,974** |

Áirítear san fhigiúr don phá iomlán pá i gcláir A, B & C agus áirítear ann pá do 403 ball foirne breise sealadacha agus séasúracha in 2013.

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2013 | 2012 |
| | | | € | € |
| **Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise** | | | | |
| Gráid na Seirbhíse Sibhialta | 104 | 3 | 20,613 | 20,613 |
| Gráid Shonracha an OOP | 757 | 1 | 18,885 | 16,472 |
| **Ragobair** | | | | |
| Gráid na Seirbhíse Sibhialta | 33 | 3 | 16,744 | 14,000 |
| Gráid Shonracha an OOP | 790 | 78 | 38,690 | 33,831 |
| **Tinreamh Breise, seal agus uainchlár** | | | | |
| Gráid na Seirbhíse Sibhialta | — | — | — | — |
| Gráid Shonracha an OOP | 790 | 31 | 17,764 | 10,395 |

Fuair daoine áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

**5.2 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair**

Rinne an OPW dhástátseirbhíseach a bhí ar scor agus a raibh pinsean na seirbhíse sibhialta á fháil acu a fhostú athuair chomh maith lena n-íoc go díreach. Bhain costas €35,877 leis seo. Cuireadh na dá chonradh i gcrích an 31 Nollaig 2013.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 An Tionscnamh Tithíochta Incheannaithe

Rinne Oifig na nOibreacha Poiblí íocaíochtaí dar luach €8,889,793 leis an nGníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe i ndiaidh breithiúnas Ard-Chúirte i dtaca le socrú babhtála talún le Durkan New Homes faoin tionscnamh tithíochta inacmhainne (smachtbhanna D/PER Samhain 2013).

### 6.2 Íocaíochtaí Cúitimh

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Táillí dlí | 91 | 314 |
| Costais chúitimh | 252 | 570 |
| | 343 | 884 |

### 6.3 Soláthar Seirbhísí Gníomhaireachta

I dteannta an chaiteachais ar Vóta 13, is amhlaidh a fheidhmíonn an OPW mar ghníomhaire, agus a thabhaíonn siad caiteachas, thar ceann Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais eile. Is iad an OPW a sholáthraíonn an cistiú don chaiteachas sin trí urraíocht a dhéanamh don Roinn/Ghníomhaireacht, agus léirítear é mar mhuirear ar chuntas an cliant-eagrais. B'ionann an caiteachas iomlán in 2013 agus €65 milliún. Ba iad na príomhnithe ar ar caitheadh seo móroibreacha caipitil (€32 milliún), oibreacha cothabhála (€2 milliún), Léasú cóiríochta (€14 milliún), Iasachtaí Áitiúla (€5.5 milliún).

Chomh maith leis sin, tugann an Oifig faoi róil shonracha nach meallann cistí vótáilte an OPW a éilíonn ionchur agus acmhainní ar bhonn leanúnach, e.g. comhairle a thabhairt maidir le cúrsaí ailtireachta, roghanna fuinnimh inbhuanaithe a fhorbairt, iniúchtaí uilíocha rochtana a dhéanamh, tograí i dtaobh coisc le tuile a scrúdú agus a chur i bhfeidhm, suíomhanna i gcomhair bunscoileanna a aimsiú, a mheas, a fháil agus a thógáil, cúrsaí soláthair maidir le tionscadail ar leith, agus bainistíocht ealaíne laistigh de phunann an Stáit.

In 2013, Rinne an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair conarthaí tarraingthe anuas a riar do chomhlachtaí poiblí eile, ar a raibh luach iarbhír €286 milliún.  Ó bhí mí Eanáir 2014, tá a vóta féin ag an Oifig nua um Sholáthar Rialtais.

**6.4 Seirbhísí a soláthraíodh do Ranna agus Oifigí in 2013 (Fotheideal C9 Cíosanna, Rátaí, etc.)**

| **Ranna, etc.** | **2013** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|---|
| | **Suim Soláthraithe sa Mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Tithe an Oireachtas | 1,243 | 1,128 | 1,229 |
| An Taoiseach | 246 | 171 | 243 |
| An tArd-Aturnae | 92 | 125 | 91 |
| An Phríomh-Oifig Staidrimh | 1,021 | 690 | 1,009 |
| Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí | 1,833 | 1,809 | 1,812 |
| Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit | 893 | 772 | 882 |
| Airgeadas | 992 | 871 | 847 |
| An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 658 | 650 | 650 |
| Na Coimisinéirí Ioncaim | 17,142 | 16,821 | 17,931 |
| Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú | 663 | 551 | 789 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | 6,466 | 3,129 | 6,005 |
| An Oifig Luachála | 1,404 | 824 | 1,388 |
| An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | 2,032 | 1,959 | 2,009 |
| Seirbhísí Comhroinnte | 607 | — | — |
| An tOmbudsman | 1,121 | 1,106 | 1,107 |
| An Garda Síochána | 8,535 | 8,264 | 8,435 |
| Na Príosúin | 227 | 123 | 224 |
| An tSeirbhís Chúirteanna | 681 | 750 | 673 |
| Clárlann na Talún | 1,149 | 159 | 1,136 |
| Dlí agus Ceart agus Comhionannas | 12,352 | 11,867 | 12,208 |
| Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil | 1,061 | 493 | 1,049 |
| Oideachas agus Scileanna | 4,560 | 3,970 | 4,507 |
| Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil | 5,116 | 4,866 | 5,056 |
| Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha | 3,792 | 3,995 | 3,748 |
| Talmhaíocht, Bia agus Mara | 3,580 | 3,196 | 3,538 |
| Iompar, Turasóireacht agus Spórt | 4,135 | 3,945 | 4,087 |
| Poist, Fiontair agus Nuálaíocht | 5,915 | 6,256 | 5,846 |
| Na hEalaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht | 1,572 | 1,440 | 1,553 |
| Gailearaí Náisiúnta na hÉireann | 111 | 107 | 110 |
| Cosaint | 587 | 407 | 580 |
| Coimirce Shóisialach | 14,694 | 13,315 | 14,523 |
| Sláinte | 2,112 | 1,381 | 2,087 |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 103 | 101 | 102 |
| Gnóthaí Leanaí agus Óige | 1,657 | 2,196 | 1,638 |
| **Iomlán** | 108,352 | 97,437 | 107,092 |